Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Meitheamh 2019**
**(OR. en)**

**9896/19**

**MK 2**
**REGIO 109**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7793/1/19 REV 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Poblacht na Macadóine Thuaidh a áireamh in EUSAIR |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir le Poblacht na Macadóine Thuaidh a áireamh in EUSAIR, mar a ghlac an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta iad ag a cruinniú ar an 9 Aibreán 2019.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Poblacht na Macadóine Thuaidh a áireamh ar EUSAIR**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

(1) Á MHEABHRÚ DI na conclúidí ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2014[1], inar formhuiníodh Straitéis an Aontais Eorpaigh don Réigiún Aidriadach agus Iónach (EUSAIR) ar bhonn na Teachtaireachta ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014[2];

(2) I bhFIANAISE Dhearbhú Catania an 24 Bealtaine 2018, nuair a ghlac an Chomhairle Aidriadach agus Iónach/Cruinniú Aireachta EUSAIR an iarraidh ó Phoblacht na Macadóine Thuaidh go ndéanfaí di an naoú tír rannphháirteach sa Tionscnamh Aidriadach agus Iónach, agus iarrann sí ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ar an gCoimisiún Eorpach pé beart is gá a ghlacadh chun Poblacht na Macadóine Thuaidh a áireamh ar EUSAIR;

(3) An litir dar dáta an 5 Deireadh Fómhair 2018, a sheol ceithre Bhallstát de chuid EUSAIR (an Chróit, an Ghréig, an Iodáil agus an tSlóivéin) chuig Uachtaránacht na hOstaire ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh Á CUR SAN ÁIREAMH AICI inar iarradh ar an Uachtaránacht an nós imeachta sa Chomhairle maidir le Poblacht na Macadóine Thuaidh a áireamh ar Straitéis an Aontais Eorpaigh don Réigiún Aidriadach agus Iónach (EUSAIR) a sheoladh agus Á TABHAIRT DÁ hAIRE DI freagra na hUachtaránachta, dar dáta an 6 Deireadh Fómhair 2018, mar aon le freagra dearfach an Choimisinéara Cretu sa litir uaithi dar dáta 20 Samhain 2018;

A. IS DÍOL SÁSAIMH DI an iarraidh sin agus GLACANN SÍ leis an iarraidh atá curtha chun cinn ag na tíortha sin atá rannphháirteach in EUSAIR maidir le Poblacht na Macadóine Thuaidh a áireamh ar EUSAIR;

B. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na bearta is gá a ghlacadh d'fhonn Poblacht na Macadóine Thuaidh a áireamh ar EUSAIR agus Straitéis leasaithe, dá réir, a chur faoi bhráid na Comhairle.

---

[1] 13503/14
[2] 10675/14